# Sparánachtaí, Scoláireachtaí agus Deontais

Tá go leor scoláireachtaí agus sparánachtaí ar fáil do Ghaeilgeoirí. Anuas air sin, tá scéim éagsúil scoláireachtaí ag gach ollscoil. Beidh gach eolas ag do chomhairleoir treorach. Féach samplaí de scoláireachtaí éagsúla thíos.

## Scoláireachtaí Fochéime

- **Comhar Creidmheasa Cholm Cille:** Scoláireacht €1,500 le haghaidh cúrsa tríú leibhéal nó printíseachta.
- **Comhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne:** Scoláireacht €1,000 le haghaidh cúrsa tríú leibhéal nó printíseachta.
- **Fondúireacht an Bhlascaoid**: Sparánacht an Bhlascaoid, €1,000 le haghaidh cúrsa tríú leibhéal.
- **Scoláireacht Chomhaltas Ceoltóirí Éireann (Coláiste na hOllscoile Corcaigh):** Scoláireacht do mhic léinn ar mhaith leo staidéar a dhéanamh ar an gceol (luach €381).
- **Scoláireachtaí B.Oid. Gaeilge (Maoinithe ag COGG):** Scoláireacht €2,000 do mhic léinn an B.Oid. Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.
- **Gradam na Gaeilge (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh):** Gradam a bhronntar ar an mac léinn is mó a dhéanann iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn sa choláiste (luach €1,000).
- **Duais Chiste Theach an Ardmhéara sa Ghaeilge (Ollscoil na hÉireann):** Scoláireacht €500 do mhic léinn Gaeilge agus Stair na hÉireann (bliain na céime).
- **Scoláireachtaí Fiontar & Scoil na Gaeilge (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath):** Scoláireachtaí do mhic léinn, bunaithe ar thorthaí Ardteiste.
- **Duais de hÍde (Coláiste na Tríonóide):** Duais €400 do mhic léinn na Sean- agus na Nua-Ghaeilge, bunaithe ar thionscadal na bliana deireanaí.
- **Duais Rev. Thaddeus O'Mahony, D.D. (Coláiste na Tríonóide):** Duais €450 do mhic léinn Gaeilge, bunaithe ar thorthaí na chéad bhliana.
- **Scoláireacht do Chur Chun Cinn na Gaeilge (Institiúid Oideachais Marino):** Scoláireachtaí ar luach €500 do mhic léinn fochéimithe atá ag dul trí scéim na Lár-Oifige Iontrála (CAO).
- **An Droichead (Ollscoil Uladh):** Scoláireacht do mhic léinn Gaeilge (fochéimithe agus iarchéimithe).
- **Fondúireacht Feamainne (An Ómaigh):** Scoláireacht £6,000 chun cúrsa Gaeilge ar an tríú leibhéal a dhéanamh.

## Scoláireachtaí Iarchéime

- **Duaiseanna an Dr T K Whitaker sa Ghaeilge (Ollscoil na hÉireann):** Scoláireachtaí €2,000/€1,000 do mhic léinn atá i mbun MA sa Ghaeilge.
- **Scoláireacht Mhic Dhonncha (Ollscoil na Gaillimhe):** Scoláireacht €6,015 do mhic léinn a bheidh ag gabháil don MA sa Léann Teanga.
- **Sparánacht Choilm Uí Eocha (Ollscoil na Gaillimhe):** Sparánacht €3,000 do mhic léinn atá cláraithe ar Chlár Máistreachta Múinte a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- **Sparánachtaí COGG/MGO (Ollscoil na Gaillimhe):** Sparánacht €2000 sa bhliain do mhic léinn an MGO.
- **Scoláireachtaí curtha ar fáil ag UCD Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis**
- **Sparánacht Chiste Iontaobhais IOM (Institiúid Oideachais Marino):** Laghdú táillí 20% sa chéad agus sa dara bliain do mhic léinn an MA i Léann an Oideachais.
- **Scoláireacht IOM Céadonóracha ar Fhochéim (céimí ó IOM/Coláiste na Tríonóide):** Laghdú táillí 40% do chláir Mháistreachta i réimse an Oideachais.
- **Scéim Sparánachtaí Taighde (Maoinithe ag COGG):** Sparánacht chun tabhairt faoi thaighde ar réimsí éagsúla a bhaineann leis an nGaeilge.
- **Scéim Sparánachtaí Taighde (Maoinithe ag Údarás na Gaeltachta):** Sparánacht chun tabhairt faoi thaighde ar réimsí éagsúla a bhaineann leis an nGaeilge.
- **Scoláireachtaí Gaeilge CLG (Ollscoil Uladh):** Scoláireacht chun tabhairt faoin Dioplóma sa Ghaeilge, do bhaill chlub CLG.
- **Scoláireacht ICUF:** Post mar Theagascóir Gaeilge in ollscoil i gCeanada.
- **Scoláireacht Fulbright:** Post mar Theagascóir Gaeilge in ollscoil i Meiriceá.

# Sparánachtaí, Scoláireachtaí agus Deontais

## ICUF: Teagasc na Gaeilge i gCeanada –Cáit Pléimionn



**Conas a tharla go bhfuair tú post mar theagascóir Gaeilge i gCeanada?**

Nuair a bhí mé i mbun MA sa Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, chuala mé scéalta faoi scoláirí Gaeilge a bhí tar éis tréimhsí a chaitheamh i gCeanada ag teagasc na Gaeilge. Tar éis dom beagán taighde a dhéanamh, bhí sé soiléir dom gur theastaigh uaim iarratas a dhéanamh ar an scoláireacht. Dúradh liom go mbíonn an-spéis ag na Ceanadaigh sa Ghaeilge agus sa chultúr Gaelach, agus go dtugann siad faoin bhfoghlaim go fonnmhar. Bhí mé an-tógtha leis an smaoineamh! D'éirigh liom san agallamh, agus thug ICUF an-tacaíocht dom agus mé ag ullmhú don turas go Ceanada.

**Inis dúinn faoin mbliain a bhí agat i gCeanada.**

Chaitheas bliain iontach i gCeanada mar theagascóir Gaeilge in Ollscoil St Thomas i bhFredericton, New Brunswick. Bhí orm teacht isteach ar conas an Ghaeilge a mhúineadh go héifeachtach do ghrúpa glantosaitheoirí, agus thaitin an dúshlán go mór liom. Bhí orm plean oibre agus ábhar foghlama a chruthú do na ranganna ar fad, chomh maith le cluichí agus gníomhaíochtaí spreagúla agus taitneamhacha a chur ar bun. Chuireas béim ar chultúr na hÉireann sa chúrsa chomh maith, agus bhain na mic léinn súp as a bheith ag foghlaim faoi cheol, spórt agus litríocht na hÉireann.

**An molfá do dhaoine eile an deis seo a thapú, agus cén fáth?**

Mholfainn an scoláireacht d'éinne a bhfuil céim mháistreachta sa Ghaeilge acu, agus ar mhaith leo taithí den scoth a fháil ar theagasc na Gaeilge ag an tríú leibhéal. Is iomaí deis atá tagtha chun cinn dom ó shin, a bhuí leis an taithí a fuaireas mar theagascóir ICUF. Is minic a bhíonn spéis ag fostóirí sa tréimhse a chaitheas i gCeanada, mar tuigeann siad an luach a bhaineann leis an taithí sin – idir fhorbairt scileanna teagaisc agus cumarsáide, agus fhorbairt phearsanta, is iomaí buntáiste a thugann taithí den saghas seo d'iarchéimithe. Deis thar a bheith speisialta is ea é!

## Deontais ó SUSI

Bíonn deontais ar fáil freisin ó www.susi.ie/ga/chun tacú leat agus tú ag tabhairt faoi chúrsaí faofa.

Is é SUSI údarás bronnta náisiúnta na hÉireann agus tá siad freagrach as gach deontas breisoideachais agus ardoideachais a riar. Cuireann siad maoiniú ar fáil do mhic léinn cháilithe ar chúrsaí faofa, lánaimseartha, ag leibhéal an chúrsa iar-Ardteistiméireachta go dtí cúrsaí fochéime agus iarchéime, agus i roinnt cásanna, do mhic léinn atá ag staidéar lasmuigh d'Éirinn.

Mura bhfuil tú cinnte an bhfuil tú cáilithe nó nach bhfuil, bain triail as Táscaire Cáilitheachta SUSI ar líne ar dtús. Freagair sraith ceisteanna le fáil amach an bhfuil tú i dteideal deontas mic léinn a fháil nó nach bhfuil.



**Seisiún ceoil i bhFredericton**



**Muireann, Cáit agus Cecily – triúr teagascóirí**



**Cluiche haca, Ollscoil New Brunswick**



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Arna fhoilsiú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2023